

Eolas maidir le scála nua grádúcháin na hArdteistiméireachta agus leis an Scála Pointí Comónta le dul isteach san Ardoideachas

Ní hionann Scrúdú na hArdteistiméireachta agus an Scála Pointí Comónta in 2017 agus na blianta roimhe seo, ar dhá bhealach.

Athrú 1:

Tá scála grádúcháin na hArdteistiméireachta athraithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá 8 ngrádbhanda sa scála nua grádúcháin, mar seo a leanas:

Gráid Nua	Marcanna %
H1 / O1	90 – 100
H2 / O2	80 < 90
H3 / O3	70 < 80
H4 / O4	60 < 70
H5 / O5	50 < 60
H6 / O6	40 < 50
H7 / O7	30 < 40
H8 / O8	0 < 30

Athrú 2:

Tá an Scála Pointí Comónta, a bhíonn in úsáid ag Institiúidí Ardoideachais (IAanna) chun iontráil a chinneadh, leasaithe mar gheall ar scála nua grádúcháin na hArdteistiméireachta (AT). Léirítear an Scála Pointí Comónta leasaithe a bheidh in úsáid ón mbliain 2017 ar aghaidh sa tábla thíos:

Ardleibhéal			Gnáthleibhéal		
Gráid Nua	Marcanna %	Pointí Nua Bronnta	Gráid Nua	Marcanna %	Pointí Nua Bronnta
H1	90 – 100	100			
H2	80 < 90	88			
H3	70 < 80	77			
H4	60 < 70	66			
H5	50 < 60	56	O1	90 – 100	56
H6	40 < 50	46	O2	80 < 90	46
H7	30 < 40	37	O3	70 < 80	37
H8	0 < 30	0	O4	60 < 70	28
			O5	50 < 60	20
			O6	40 < 50	12
			O7	30 < 40	0
			O8	0 < 30	0

CEISTEANNA COITIANTA MAIDIR LEIS NA HATHRUITHE SEO

Ar an gcéad dul síos, tá sé an-tábhachtach a nótáil go ndéanfar **gach iarratasóir in 2017, iad siúd a dhéanann iarratas ar bhun torthaí AT ó bhliain roimhe sin san áireamh**, a mheasúnú leis na critéir chéanna. Dá réir sin, beidh cothrom na Féinne á thabhairt do gach iarratasóir agus beidh an tionchar céanna ag na hathruithe orthu.

Is í an chomhairle is fearr is féidir a thabhairt do mhic léinn díriú isteach ar a gcuid staidéir sa tsraith shinsearach, a ndícheall a dhéanamh i scrúduithe na hArdteistiméireachta, agus cur isteach ar chúrsaí i gcoláistí a bhfuil suim acu iontu, i ndáiríre.

C. Cén chaoi a ndéantar mo phointí a ríomh i ndáil le m'iarratas chuig an Lár-Oifig Iontrála?

F. Déanfar na sé scór is fearr, in ábhair aitheanta, in aon Scrúdú Ardteistiméireachta amháin, a chur san áireamh i ríomh na bpointí. Má fhaigheann tú grád H6 nó níos airde sa Mhatamaitic Ardleibhéil, cuirfidh tú 25 pointe bónais leis na pointí a fuair tú sa ghrád a bhí agat sa Mhatamaitic, ansin aimseoidh tú na sé scór is fearr atá agat. Ní chuirtear na pointí bónais san áireamh i ríomh iomlán na bpointí ach amháin nuair a bhíonn an Mhatamaitic ar cheann de na sé scór is fearr ag an iarratasóir tar éis an bónas a bheith curtha leis.

C. Céard é an leagan amach maidir leis na Bunriachtanais Iontrála ar chúrsa?

F. Bíonn bunriachtanais iontrála i gceist le cúrsaí agus ní mór duit na bunriachtanais iontrála sin a chomhlíonadh ar dtús sula ligfear isteach ar chúrsa tú. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le sainriachtanais gach cúrsa ar leith ar fáil ar shuíomh gréasáin gach Institiúide Ardoideachais.

C. Má dhéanaim Scrúdú na hArdteistiméireachta an athuair in 2017 agus go mbainim amach níos lú pointí ná mar a bhain nuair a rinne mé roimhe sin é, an féidir liom na torthaí is fearr ón dá bhliain a úsáid chun dul isteach san ardoideachas in 2017?

F. Ní féidir úsáid a bhaint ach as torthaí Ardteistiméireachta aon bhliana amháin chun pointí a ríomh. Bainfear leas as an Scála Pointí Comónta nua agus torthaí á ríomh – agus bainfear úsáid as an tacar is fearr.

C. Bhain mé amach Grád E ar an Ardleibhéal in 2016 (nó roimhe sin). An féidir liom é sin a úsáid chun críche an mháithreánaithe in 2017?

F. Is féidir, ón mbliain 2017 ar aghaidh cuirfidh grád HE leis na bunriachtanais nua mháithreánaithe atá tugtha isteach ag na hollscoileanna agus na hinstitiúidí teicneolaíochta chun an scéim grádúcháin nua a chur san áireamh. Tá na bunriachtanais mháithreánaithe sin

d'iarratasóirí na bliana 2017 agus na gráid a theastaigh ó iarratasóirí roimh 2017 sonraithe sa Tábla thíos:

Riachtanais mháithreánaithe 2017	Gráid Ardteistiméireachta roimh 2017 a theastaigh
2 ghrád H5 agus 4 ghrád O6/H7	2 ghrád HD1 agus 4 ghrád OD3/H E
5 ghrád O6/H7	5 ghrád OD3/H E
3 ghrád H5 agus 3 ghrád O6/H7	3 ghrád HD1 agus 3 ghrád OD3/H E

C. Rinne mé an Ardteistiméireacht in 2016 agus theip orm na riachtanais mháithreánaithe a bhaint amach i dtaca leis an gcúrsa/institiúid a roghnaigh mé, ach in 2017, comhlíonaim na riachtanais mháithreánaithe nua. Má dhéanaim iarratas arís in 2017, cén chaoi a measfar mé?

F. Bronnfar pointí faoin scála nua ar gach dalta a dhéanann iarratas tríd an Lár-Oifig Iontrála ó 2017 ar aghaidh, pé bliain a rinne siad an Ardteistiméireacht. Má chomhlíonann siad na bunriachtanais mháithreánaithe agus na bunriachtanais i dtaca le cúrsa ar leith, déanfar scór pointí a ríomh agus an Scála Pointí Comónta nua á úsáid agus beidh an t-iarratasóir san iomaíocht ar an mbonn sin. Tabhair faoi deara go mbronnfar 33 pointe ar an seanghrád H E faoin gcóras nua.

C. Rinne mé an Ardteistiméireacht in 2016 (nó roimhe sin) agus chomhlíon mé na riachtanais iontrála i dtaca le cúrsa ar leith sa bhliain sin. An gciallaíonn sin go gcomhlíonfadh mé na riachtanais iontrála i dtaca le cúrsa ar leith in 2017?

F. Ní gá go gciallaíonn. Níor athraigh na sainriachtanais iontrála don chuid is mó de na cúrsaí, mar sin má chomhlíon tú na riachtanais in 2016 nó roimhe sin, comhlíonfaidh tú na riachtanais iontrála in 2017. Ach, i gcásanna áirithe tá na riachtanais iontrála do chúrsaí ar leith ardaíthe, agus sa chás sin d'fhéadfaí nach gcomhlíonfaí an riachtanas in 2017. Mar shampla, ní shásóidh HC3 sa Mhatamaitic (55 < 60%) an riachtanas H4 (60 < 70%) sa Mhatamaitic a bheidh i bhfeidhm in institiúidí áirithe ón mbliain 2017 amach, cé gur shásaigh sé na sainriachtanais do chéimeanna Leibhéal 8 Onóracha san Innealtóireacht in 2016. Sa chás sin, níor mhór duit tabhairt faoin Matamaitic arís in Ardteistiméireacht na bliana 2017 chun do ghrád a fheabhsú go dtí H4 nó níos fearr. Ba cheart duit na riachtanais mháithreánaithe agus riachtanais na gcúrsaí ar leith maidir le gach aon chúrsa a bhfuil fút iarratas a dhéanamah ina leith in 2017 a sheiceáil.

C. Cén tionchar a bheidh ag tabhairt isteach an scála ghrádúcháin agus an scála pointí chomónta ar mhac léinn ar mian leis nó léi úsáid a bhaint as torthaí Ardteistiméireachta ó bhliain roimhe seo chun dul i mbun staidéir thar lear in 2017?

F. Tá córas nua grádúcháin na hÉireann curtha in iúl go hiomlán don RA agus do chórais eile de chuid an AE agus tá sé léirithe i dtáblaí táillí leasaithe (iontráil 2017) de chuid UCAS an RA (féach <https://www.ucas.com/advisers/guides-and-resources/tariff-2017> agus lch.112 den doiciméad pdf, "New Tariff tables May 2016 advisers", ar féidir é a íoslódáil ón leathanach gréasáin sin). Mar is léir ón doiciméad sin, tá modh an-soiléir curtha i bhfeidhm chun

cothroime a chinntiú dóibh siúd a bhfuil iarratas á dhéanamh acu le torthaí Ardteistiméireachta na hÉireann ón mbliain 2017 nó ó bhlianta roimhe sin.

C. Cén tionchar atá ag na hathruithe sin ar an scóráil i dtaca le gradaim QQI-FET?

F. Ón mbliain 2017, déanfar an scór féideartha is airde de 360 a mhéadú faoi 13 agus a roinnt ar 12 chun an scór leasaithe féideartha is airde de 390 a fháil d'iarratasóirí ar dhámhachtainí breisoideachais agus oiliúna. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a ndéantar pointí a ríomh i dtaca le hiarratasóirí QQI-FET tabhair cuairt, más é do thoil é, ar leathanach Scórála an Iarratasóra sa rannóg 'Acmhainní Mac Léinn' de www.cao.ie

C. Cén tionchar atá ag na hathruithe ar an gcaoi a ndéileáiltear le Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)?

F. Le tabhairt isteach an scála ghrádúcháin nua don Ardteistiméireacht agus an Scála Pointí Chomónta maidir le hiontráil san Ardoideachas ón mbliain 2017 ar aghaidh, bronnfar pointí ar nascmhodúil an GCAT mar seo a leanas:

Grád GCAT	Pointí GCAT leasaithe
Pas le Gradam	66
Pas le Fiúntas	46
Pas	28

C. Cé mhéad pointe a bhronnfar ar an Matamaitic ag an mBonnleibhéal?

F. Le teacht isteach an Scála Pointí Chomónta maidir le hiontráil san Ardoideachas ón mbliain 2017 ar aghaidh, bronnfar na pointí seo a leanas ar ghráid áirithe sa Mhatamaitic ag an mBonnleibhéal. Bronnfaidh institiúidí áirithe pointí as an Matamaitic ag an mBonnleibhéal chun críche na hiontrála san ardoideachas amháin – ba cheart d'iarratasóirí féachaint ar an ábhar scríofa atá ar fáil ó gach Institiúid Ardoideachais ar leith chun sonraí iomlána a fháil.

Matamaitic, Bonnleibhéal 1992-2016	2017+	Pointí
A1	F1	20
A2 / B1	F2	12

C. Céard iad príomhghnéithe an Scála Pointí Chomónta?

F. Is iad príomhghnéithe an scála nua, a ndearna na hollscoileanna agus na hinstiúidí teicneolaíochta é a fhorbairt i gcomhar:

1. Cúitíonn sé an méid a bhaintear amach sa scoil ar bhealach cothrom;
2. Coimeádann sé luach coibhneasta an Ghnáthleibhéil agus an Ardleibhéil ar an scála pointí comónta;
3. Spreagann sé mic léinn tuilleadh ábhar a ghlacadh ag an Ardleibhéal trí phointí a bhronnadh don ghrád nua H7 agus trí H7 a chur san áireamh chun críche an mháithreánaithe, de réir mar is cuí;

4. Spreagtar foghlaim ag an ardleibhéal leis na beartais athraithe seo trí na daoine sin, a thapaíonn an deis staidéar a dhéanamh ar ábhair ag an ardleibhéal, a chúiteamh;
5. Laghdaíonn sé úsáid an roghnaithe randamaigh i ndáileadh áiteanna san ardoideachas. Ó tharla nach ionann na pointí a bhronntar i ngach aon ghrád, laghdaítear an dóchúlacht go mbainfidh mic léinn amach an scór pointí foriomlán céanna;
6. Bronntar fós 25 pointe bónais ar an Matamaitic Ardleibhéil i gcás gráid H6 nó os a chionn.

C. Cén fáth ar athraíodh an córas grádúcháin?

F. Dearadh na grádbhandaí nua chun taithí foghlama na mac léinn a fheabhsú. Tabharfaidh siad deis an fócas foghlama san Ardteistiméireacht a athrú mar go laghdóidh na bandaí grádúcháin níos leithne an brú ar na mic léinn mionghnóthachain a bhaint amach sna scrúduithe, agus tabharfar deis dóibh dul i ngleic ar bhealach níos suntasaí le gach aon ábhar.

C. An bhfuil an córas pointí nua cothrom agus na pointí céanna á mbronnadh ar réimse marcanna níos leithne?

A. Dearadh an córas pointí nua go sonrath chun an méid a bhaintear amach sa scoil a chúiteamh go cothrom. Rinne na hinstiúidí ardoideachais, le cúnamh ón Lár-Oifig Iontrála agus ó shaineolaithe teicniúla eile, samhaltú agus tástáil an-leathan agus mionsonraithe chun a chinntiú go mbeadh an scála leasaithe ceart agus cothrom maidir le gach mac léinn.

C. An féidir liom na pointí féideartha a theastaíonn don iontráil in 2017 a mheas?

F. Braitheann na pointí scoite in aon bhliain ar leith ar:

- líon na n-iarratas sa bhliain sin;
- líon na n-áiteanna ar féidir leis an gcoláiste iad a chur ar fáil; agus
- torthaí na n-iarratasóirí i scrúdú na bliana sin.

Athraíonn na pointí, ar ndóigh, ó bhliain go bliain mar gheall ar líon na n-iarratas, agus de bharr athruithe i líon na n-áiteanna. Níor cheart do mhic léinn comparáid dhíreach a dhéanamh idir pointí 2016 agus pointí 2017.

C. An mbeidh níos lú pointí agam mar gheall ar na hathruithe atá á dtabhairt isteach?

F. Mar gheall ar an dearadh neamhlíneach agus ar ghnéithe eile den scála pointí nua, ní féidir comparáid shimplí a dhéanamh idir scór pointí iarratasóra faoin scála nua agus faoin scála pointí roimh 2017. Gheobhaidh mic léinn beagán níos lú pointí, ar an meán, in 2017 ná faoin seanchóras. Ach bronnfar pointí faoin scála nua ar gach mac léinn a dhéanfaidh iarratas chuig an Lár-Oifig Iontrála ón mbliain 2017 ar aghaidh beag beann ar an mbliain ina ndearna sé nó sí scrúdú na hArdteistiméireachta. Dá réir sin, beidh scóráil á déanamh ar gach iarratasóir leis na critéir chéanna agus beidh cothrom na Féinne á thabhairt dóibh uile.

Tá tuilleadh eolais ar fáil, chomh maith, ar an suíomh gréasáin www.transition.ie